An Roinn Oideachais
Department of Education

**Chuig:** Boird Bhainistíochta
**Maidir le:** **FAISNÉIS THÁBHACHTACH -** Suirbhé ar Rúnaithe agus Airígh a nÍoctar Leo trí Chistiú Deontais (Éileamh Pá ó Fórsa)
**Dáta**: 13 Bealtaine 2021

A Chomhlacht Bainistíochta,

De bhun an chomhfhreagrais a eisíodh Déardaoin an 5 Bealtaine, ba mhaith liom tú a chur ar an eolas faoin leibhéal tuairisceán suirbhé a fuarthas suas go dtí an Chéadaoin an 12 Bealtaine.

Ní bhfuaireamar tuairisceán ach ó 724 scoil go dtí seo (thart ar 18.5% de scoileanna). Rinne 20% de bhunscoileanna tuairisceán, mar aon le 3.5% d'iar-bhunscoileanna agus 7% de Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha. Mar is eol duit, tá sé an-tábhachtach go bhfaighimis an oiread tuairisceán comhlánaithe agus is féidir roimh dhúnadh an tsuirbhé **Dé hAoine an 21 Bealtaine**.

Beidh leibhéal tuairisceán i bhfad níos airde ag teastáil chun go mbeidh aon seans ann an ní a chur ar aghaidh agus a réiteach, b'fhéidir, sa ghearrthéarma. I gcás nach soláthróidh scoileanna faisnéis faoina bhfoireann, beidh sé níos deacra fós a chinntiú go gcuirfear aon chomhaontú amach anseo chun feidhme go cruinn agus ar aon dul le cistiú deontais.

Tugtar sa chomhfhreagras roimhe mionsonraí faoi conas na suirbhéanna a rochtain. Tá na mionsonraí sin ag gabháil leis an litir seo freisin ar mhaithe le héascaíocht tagartha. Ba cheart do scoileanna aon cheisteanna atá acu a sheoladh chuig esrsurvey@education.gov.ie. Mar atá luaite i nótaí na suirbhéanna, tá suirbhé amháin le cur isteach do gach rúnaí nó airíoch atá fostaithe ag an scoil agus a n-íoctar leis/léi trí chistiú deontais.

Fáiltímid roimh an rannchuidiú ó scoileanna a chuir freagra ar an suirbhé isteach cheana féin, agus iarraimid ort leanúint le Boird Bhainistíochta a spreagadh faisnéis a sholáthar don Roinn tríd an suirbhé a chomhlánú a luaithe is féidir.

Is mór againn do chabhair sa ní seo.

Is mise le meas,

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Aonad Caidrimh na Foirne Seachtraí

…..

**Aguisín 1: Naisc chuig na Suirbhéanna**
Tá naisc chuig na suirbhéanna ar fáil thíos agus trí Esinet.

**Rúnaithe**

- Béarla — https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/School_Secretary_19
- Gaeilge — https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/SuirbhearRunaithe2019

Pasfhocal: Secretary2019

**Airígh**

- Béarla — https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/School_Caretaker_19
- Gaeilge — https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/SuirbhearFeighlithe2019

Pasfhocal: Caretaker2019